Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Rúisis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ SCRÍOFA

**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Saincheisteanna teanga**

**Caighdeán na Gaeilge:** Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

**Teanga an fhreagra:** Má scríobhtar freagra sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Gaeilge a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas sa triail chluastuisceana nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Baintear úsáid as an gcomhartha suimithe [+] chun coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt; bronntar marc as gach gné i sraith de … + … + … + suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.

**ROINN I: LÉIRTHUISCINT (120 marc)**
**Freagair na ceisteanna 1, 2 agus 3.**
**C.1.1. Léirthuiscint (50 marc) [38 + 12]**

> - *Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.*
> - *San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnógacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann ar bronnadh marcanna ina leith cheana.*
> - *Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear í, ná bronn marcanna as an ngné sin.*
> - *Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/choincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ag léiriú scileanna maithe sintéisithe ar an tslí sin, bronn marc as gach coincheap.*
> - *Bronn 2 mharc as gach sonra.*

**1.i. Tabhair trí shonra maidir le turas traenach John ó Mhoscó go dtí Cathair Pheadair. 3 x 2 = 6**
***bronn dhá mharc:*** ba é sin a chéad turas go dtí Cathair Pheadair + bhí an turas taitneamhach + (ina chábán carráiste) bhuail sé le mic léinn Rúiseacha (ón institiúid amharclannaíochta)/ mic léinn ba ea a chompánaigh sa chábán/a chomharsana + bhí na mic léinn ag canadh/ ag greannaíocht /ag ól beorach + bhí John leo/ d'ól sé beoir leo + thug John cuireadh dóibh/chuaigh siad go dtí an proinncharr + labhair siad Béarla agus Rúisis + labhair siad i rith na hoíche + labhair siad faoi ealaín/ amharclannaíocht/ polaitíocht/ an saol/ grá

***bronn marc amháin:*** bhí sé maith

***gan aon mharcanna:*** bhí sé greannmhar

**1.ii. Cár shocraigh John ar fanacht nuair a bhain sé Cathair Pheadair amach? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**
***bronn dhá mharc:*** le cairde na mac léinn ar bhuail sé leo ar an traein + in árasán/ teach (mór) a chairde nua/cairde na gcompánach taistil

***bronn marc amháin:*** le cairde + le cara

**2.i. Luaigh trí shonra faoi thréimhse John i gCathair Pheadair. 3 x 2 = 6**
***bronn dhá mharc:*** bhí sé i gCathair Pheadair ar feadh dhá lá + is ar éigean a chuimhníonn sé cad a rinne sé + is ar éigean a chuimhníonn sé cá háit a ndeachaigh sé + is ar éigean a chuimhníonn sé cad a dúradh leis + d'ól sé beoir (Nevskoye) + bhuail sé le daoine óga spraíúla/spéiriúla/sona + cailíní dóighiúla/galánta + tá cuimhneamh aige ar shráid fhada + tá cuimhneamh aige ar abhainn leathan + tá cuimhneamh aige ar fhoirgneamh mór/álainn (cois abhann) + dúradh cuid mhór leis faoin bhfoirgneamh mór/álainn

Ná coinnigh siar marcanna má luaitear an Neva nó an Hermitage; tuigeann sé níos déanaí gurb iad sin na rudaí a chonaic sé.

**2.ii. Déan cur síos ar thuras John ar ais go Moscó. Luaigh dhá shonra. 2 x 2 = 4**
***bronn dhá mharc:*** Is ar éigean a chuimhníonn John ar a thuras ar ais + thit sé ina chodladh + láithreach/ a luaithe a bhí sé ar bord + mhúscail freastalaí/stiúrthóir traenach ar maidin é

**2.iii. Cad a shocraigh John a dhéanamh tar éis dó breathnú ar leabhar grianghraf de Chathair Pheadair? Luaigh dhá shonra.** **2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc:*** caithfidh sé Cathair Pheadair/ an chathair (álainn) sin a fheiceáil arís + shocraigh sé dul ann arís + shocraigh sé gan aon bheoir a ól an chéad uair eile + is é Nevskiy Prospect an tsráid fhada + is í an Neva an abhainn leathan + is é an Hermitage an foirgneamh mór

**3.i. Luaigh trí shonra faoin dara turas traenach a thug John ó Mhoscó go dtí Cathair Pheadair.** **3 x 2 = 6**

***bronn dhá mharc:*** bhí sé leadránach/ leamh/ neamhiontach / neamheachtrúil / ní raibh sé spraíúil + níor ól na comharsana/ ní raibh siad ag greannaíocht/ níor labhair siad/ níor chan siad + thit na comharsana ina gcodladh + thit John ina chodladh/chuaigh sé a luí + chodail John i rith na hoíche

***bronn suas le ceithre mharc as dhá cheann díobh seo nó níos mó*****:** níor ól na comharsana + ní raibh siad ag greannaíocht + níor labhair siad + níor chan siad

***bronn marc amháin:*** bhí an turas go dona + turas uaigneach a bhí ann/bhí John uaigneach

***gan aon mharcanna:*** bhí sé ag cur báistí

***gan aon mharcanna:*** ní chuimhníonn sé ar a thuras (mura dtugtar aon mhíniú ar cén fáth nach gcuimhníonn sé e.g. bhí sé ina chodladh i rith an turais)

**3.ii. Conas a chaith John an tráthnóna? Luaigh trí shonra.** **3 x 2 = 6**

***bronn dhá mharc*****:** d'fhan sé san óstán ar feadh trí huaire an chloig/ lig sé a scíth san óstán ar feadh trí huaire an chloig + bhí sé ag cur báistí nuair a d'fhág sé an t-óstán + chuaigh sé ar ais chun scáth fearthainne a fháil/ chaith sé leathuair an chloig ag cuardach scáth fearthainne + nuair a d'aimsigh sé an scáth fearthainne stop an bháisteach + shiúil sé feadh Nevskiy Avenue/Prospect + bhreathnaigh sé ar iontais na cathrach + shíl sé go raibh an chathair go hálainn + chuaigh sé go dtí an Hermitage/shroich sé an Hermitage (i leathuair an chloig) + bhí a chosa fliuch + bhí sé fuar + ba mhaith leis ticéad a cheannach + ach ní raibh sé ábalta airgead ar bith a fháil + chuimhnigh sé gur fhág sé a thiachóg san óstán + thosaigh sé ag cur báistí nuair a bhí sé ar ais san óstán + bhí sé fuar agus bhí sé tuirseach + d'ith sé lón/dinnéar + ghlac sé cithfholcadán (te) + thug sé aghaidh ar an leaba/chuaigh sé a chodladh

**4. Cén fáth ar shocraigh John ar chuairt a thabhairt ar Chathair Pheadair don tríú huair? Luaigh dhá shonra.** **2 x 2 = 4**

***bronn dhá mharc*****:** mar nach leor dhá lá + chaith sé an lá ar fad san óstán ag breathnú ar an teilifís + níor thug sé cuairt ar an gcathair an lá arna mhárach + bhuail sé le hailtire/ le duine de bhunadh Chathair Pheadair ar an traein + d'inis sé dó faoi Chathair Pheadair + faoi stair na cathrach + faoi chultúr na cathrach + faoi mhuintir na cathrach + faoi fhadhbanna na cathrach + d'fhoghlaim John cuid mhór faoi Chathair Pheadair in oíche amháin

**C.1.2. Léirthuiscint teanga**

Breac síos an fhoirm ainmneach uatha de thrí cinn de na frásaí aidiachtacha, forainmneacha, agus ainmfhoclacha a tógadh as an téacs.

Bronn marc amháin as an ainmfhocal agus marc amháin as a mhionathraitheoir. **3 x 2 = 6**
Bronn lánmharcanna má aistríonn na hiarrthóirí na frásaí i gceart (mar nach sonraítear sa treoir cén teanga ba cheart a úsáid sa fhreagra).

| | | |
|---|---|---|
| 1. | русские студенты - | русский студент |
| 2. | новые друзья - | новый друг |
| 3. | молодые люди - | молодой человек |
| 4. | мокрые ноги - | мокрая нога |
| 5. | красивые девушки – | красивая девушка |
| 6. | мои соседи - | мой сосед |

**C.1.3. Léirthuiscint ar chultúr**: Roghnaigh **ceann amháin** de na topaicí ar an liosta thíos agus tabhair **trí** shonra mar mhíniú ar an topaic atá roghnaithe agat. Freagair i nGaeilge nó i Rúisis.

**(6 mharc)**

1. Транспорт в Российской Федерации
2. Погода в Российской Федерации
3. Москва

**C.2.Achoimriú (44 marc)**

**C.2.1.** Léigh an blag seo a leanas. Scríobh achoimre i nGaeilge ar ábhar gach Roinne de réir na dtreoracha. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhreagraí agus as scileanna achoimrithe. ***4 x 10 = 40***

*Bronn 2 mharc as gach aon cheann de na 4 shonra (suas le 8 marc) AGUS 2 mharc lánroghnacha le bronnadh ar iarrthóirí*

- *A léiríonn/a fhorbraíonn a gcuid smaointe go soiléir.*
- *A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fail.*
- *A chuireann sonraí breise ar fáil.*
- *A léiríonn an cumas chun na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.*

*Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn iarrthóirí tuiscint fhoriomlán ach go ndéanann siad earráidí faoin sonra / nuair a fhágann siad amach an sonra nó nuair atá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas iontu.*

*Níl aon mharcanna do shonraí nach bhfuil san áireamh sa bhuntéacs. Níl aon mharcanna do shonraí atá ar fáil sa cheist.*

*Ní féidir marcanna aonair a bhronnadh as páirtsonraí ach ina leithéid de chásanna go mbeadh an páirtsonra intuigthe ag cainteoir aonteangach Gaeilge.*

*Is féidir marcanna lánroghnacha (seachas marcanna as an ábhar) a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise gur thuig siad roinnt mhaith den sonra ach nach bhfuil ar a gcumas an méid a thuigeann siad a léiriú i nGaeilge atá intuigthe (nuair a scríobhann siad, mar shampla, an iomarca focail Rúisise ina gcuid freagraí).*

*Mura n-éiríonn le hiarrthóir gach cuid/fochuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 mharc lánroghnach).*

**1. Luaigh ceithre shonra faoin lá a bhí ag an scéalaí ar scoil.** (4 x 2) +2=10

***Na príomhphointí:*** ní raibh an t-ádh air an lá ar fad / ó mhaidin + bhí 5 cheacht/rang aige + fiafraíodh de faoin gceacht i ngach rang (ag an múinteoir) + bronnadh F/drochmharc/ drochghrád/2 air i ngach ceacht + bronnadh 4 F/dhrochmharc/ dhrochghrád/2 air de bharr an freagra mícheart a thabhairt + ní raibh an 5ú F/drochmharc/ drochghrád/2 cóir/ní raibh sé tuillte aige + thug sé an freagra ceart ach níor aontaigh an múinteoir leis + ní raibh fonn air dul abhaile go díreach + ní raibh fonn air 5 dhrochmharc a mhíniú ag an mbaile

***Sonraí tánaisteacha:*** bronnadh F/drochmharc/ drochghrád/2 air i ngach ceacht/ábhar + b'annamh a d'aontaigh na múinteoirí leis an scéalaí + is aisteach a rá cén fáth ar bronnadh an 5ú drochmharc air + d'fhiafraigh an múinteoir (Zoya Filipovna) ceist de faoi ghalú uisce + thug sé an freagra mícheart/ceart + níor aontaigh an múinteoir (Zoya Filipovna) lena fhreagra

**2. Luaigh ceithre shonra faoi na daoine a casadh ar an scéalaí ar an mbealach abhaile ón scoil.** (4 x 2) +2=10

***Na príomhphointí:*** chas sé ar Lucy Karandashkina + a chomharsa a chónaíonn sa bhloc árasán céanna + a shuíonn ag an deasc taobh thiar de ar scoil + cuireann Lucy Karandashkina isteach air/ tá sé cráite aici/ ní ligeann sí dó / ar scoil ná ag an mbaile/ sa dá áit / gach áit / i gcónaí + chas sé ar Serezha Petkin + measann sé gur bailitheoir stampaí atá ann /bailíonn sé stampaí + ceannaíonn sé stampaí

***Sonraí tánaisteacha:*** chas an scéalaí ar Lucy Karandashkina sa siopa leabhar + bhí Lucy Karandashkina ag ceannach cóipleabhar + tar éis am lóin + chas an scéalaí ar Serezha Petkin sa siopa leabhar + tháinig Serezha Petkin isteach sa siopa leabhar lena fheiceáil an

raibh stampaí nua ar bith acu + is féidir le duine ar bith a bhfuil airgead acu stampaí a bhailiú

Ná coinnigh siar marc lánroghnach mura luaitear ainmneacha na ndaoine (Lucy/Serezha) a casadh air.

**3. Luaigh ceithre shonra faoi cad a tharla nuair a bhain an scéalaí a bhaile amach.** (4 x 2) +2=10

***Na príomhphointí:*** ciúnas a mháthar (ag an doras/le linn an dinnéir) + rinne sé iarracht gan amharc ar a mháthair nuair a bhí sé ag ithe + rinne sé iarracht ithe go mall, rud a bhí deacair mar go raibh ocras air + bhí sé sásta nuair a chuir a aintín Polly glaoch + dúirt a mháthair leis a obair bhaile a dhéanamh + bhí fonn air dul amach agus súgradh ach rinne sé a chuid obair bhaile ina áit

***Sonraí tánaisteacha:*** ní féidir a dhrochmharcanna/ F-anna/ 2-anna a cheilt óna mháthair + deir a mháthair leis go bhfuil sí in ann a intinn a léamh + (de ghnáth) tá a aintín Polly ar an nguthán lena mháthair ar feadh uair an chloig ar a laghad

**4. Luaigh ceithre shonra faoi cad a tharla an tráthnóna sin.** (4 x 2) +2=10

***Na príomhphointí:*** bhí cuid mhór obair bhaile le déanamh aige + bhí fonn ar an scéalaí dul amach agus peil a imirt ach shocraigh sé matamaitic/ réiteach fadhbanna a dhéanamh ina áit + rinne an scéalaí iarracht fadhb dheacair amaideach a réiteach + chiceáil duine éigin liathróid tríd an bhfuinneog + bhí nóisean ag an scéalaí éalú tríd an bhfuinneog + ghlaoigh a mháthair air ón gcistin + chuaigh sé ar ais sa seomra agus d'inis sé dá mháthair go raibh obair bhaile ar bun aige

***Sonraí tánaisteacha:*** lá grianmhar te a bhí ann + bhí buachaillí ag imirt peile lasmuigh + is dócha go raibh Sashka mar an cúl báire + bhí rud éigin ar fiuchadh sa fhriochtán + níor thaitin sé lena mháthair an scéalaí ag dul amach tríd an bhfuinneog

**Léirthuiscint teanga**

**C.2.2.** Faigh cúig fhocal sa téacs a bhaineann le cúrsaí scoile/oideachais agus liostaigh i Rúisis iad. Glac le focail i bhfoirm ar bith (tuiseal, uimhir). **(5 mharc)**

***Bronn marc amháin as gach freagra ceart.*** ***5 x 1 = 5***

Урок, учитель, предмет, отметка, двойка, портфель, класс, школа, тетрадь, дневник, задачи, вопрос, доска

**C.2.3.** Briathra: Scríobh síos foirm na hinfinide / foirm an fhoclóra / инфинитив de na briathra seo a leanas as an téacs. **(5 mharc)** ***5 x 1 = 5***

Ná bronn aon mharcanna má aistríonn na hiarrthóirí an briathar go Gaeilge.

1. поставили поставить
2. ответил ответить
3. старался стараться
4. ел есть
5. решил решить

**C.3. Struchtúrú dioscúrsa leanúnach**

***2 mharc as gach freagra ceart*** ***10 x 2 = 20***

| | |
|---|---|
| 10 / 2 | Программа организована при St. Thomas University, который расположен в Майами и является престижным частным университетом. Английская программа включает 20 уроков в неделю и предлагает 6 уровней. |
| 2 / 10 | Программа составлена при содействии Международного союза молодёжи в Праге, предназначена для желающих обучаться в государственных университетах в Чехии. |
| 6 | Кроме обычных для других лагерей занятий спортом, купания и различных развлечений, у нас дети могут параллельно обучаться программированию, web-дизайну, компьютерной графике, офисным технологиям, благодаря чему они смогут научиться рисовать мультфильмы, создавать клипы, изготавливать авторские открытки, визитки и многое другое. |
| 1 / 4 | К вашим услугам охраняемая территория и здания частного детского сада «Олимпик» — садика в лесной зоне в центре парка Сокольники. |
| 7 | Мы приглашаем всех детей от 8 до 14 лет в наш лагерь, где в течение одной недели они будут тренироваться под руководством профессиональных голландских тренеров из Академии Аякса, воспитавших таких мировых футбольных звёзд, как ван Бастен, Бегхам и Снейдер |
| 3 /4 | Это не просто палатки и лес. Это ориентирование на местности, плавание на байдарках, стрельба из лука, готовка еды без посуды и многое другое. |
| 5 | Лагерь «Мечта» специализируется на приеме детей с заболеваниями дыхательных путей. |
| 9 | Центр методики Московского института открытого образования организует лагерь. Приглашаются победители и призеры олимпиад, конференций, конкурсов, интеллектуальных соревнований. |
| 4 /3 / 1 | Это путешествие в мир, где можно забыть о компьютерных играх и мобильных телефонах, где живут доверчивые животные и беззаботные птицы, — мир, который большинство из наших, городских детей никогда не видели. |
| 8 | Лагерь предлагает летние программы по следующим направлениями: танцы, театральное, цирковое искусство, музыка, магия, изобразительное искусство, кино- и видеоискусство. |

**Roinn II: Gramadach, Úsáid Teanga Agus Scríbhneoireacht Faoi Threoir (100 marc)**
**C.1. Léigh an téacs seo a leanas. Scríobh na focail idir lúibíní san fhoirm cheart.**
**(30 marc)**

| |
|---|
| ***DHÁ mharc as gach foirm cheart*** ***15 x 2 = 30*** |
| ***Sa cheacht seo tá freagraí ceart nó mícheart:*** |
| • ***Ná bronn marcanna má tá an focal litrithe/athscríofa go mícheart.*** |
| • ***Ná bronn marcanna má scríobhtar an briathar san aimsir mhícheart*** |

Я люблю отмечать всякие праздники. Мой любимый праздник – это Новый год, потому что его отмечают все люди, везде праздничная атмосфера. А день рождения – индивидуальный праздник, в котором участвуют только именинник и его близкие.

Раньше, когда я был маленьким, организацией моего дня рождения занималась мама. Она приглашала моих крёстных, бабушек и дедушек, братьев и сестёр, готовила праздничный стол, придумывала разные конкурсы и развлечения. И обязательно пекла большой торт с кремом и шоколадом, в который вставляла разноцветные свечки.

Но уже пару лет я сам организовываю свой день рождения. Сейчас мне интереснее отмечать его с друзьями. Поэтому утром меня поздравляют родители, а затем мы собираемся с друзьями в моей комнате и просто общаемся или играем в игры. Мы с мамой больше не наготавливаем целую гору блюд, а выбираем что-нибудь оригинальное, что кушаешь не каждый день. Это усиливает атмосферу уникальности этого дня.

Мне нравится отмечать день рождения с друзьями, потому что нам всегда весело вместе. Мы хохочем почти все время, а какие получаются смешные фотографии, когда мы наряжаемся в нелепые костюмы!

Я люблю получать подарки на день рождения. При этом мне все равно, насколько подарок полезный и дорогой. Мне интересно, что люди выбирают для меня, это показывает, каким они меня видят.

Я надеюсь, что и через много лет на каждый мой день рождения будут собираться близкие люди, и этот день всегда будет казаться мне необычным и полным приятных сюрпризов.

**C.2. Léirthuiscint ar chultúr (30 marc)**

Scríobh aiste ghearr **(50 focal) i Rúisis** ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **cúig** shonra ábhartha. Bronntar marcanna ar ábhar, ar úsáid na teanga agus ar struchtúr (eagrú smaointe). Tabhair teideal na haiste lena chur in iúl cé acu ceann de na haistí atá á scríobh agat.

Напишите небольшую статью **по–русски** размером 50 слов на одну из следующих тем. В свою статью включите **пять** страноведческих фактов.

1. An Rúisis in Éirinn / Русский язык в Ирландии
2. An Turasóireacht sa Rúis / Туризм в Российкой Федерации
3. Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh 2014 / Зимние Олимпийские игры-2014
4. Laethanta Saoire Poiblí sa Rúis / Праздники в Российкой Федерации
5. Áiteanna is díol spéise sa Rúis / Достопримечательности в Российкой Федерации

| | |
|---|---|
| ***1. ábhar*** | ***10*** |
| ***2. teanga/cumas scríofa*** | ***20*** |

***Marcáil ábhar agus teanga/cumas scríofa ar leithligh***

*1. Cumarsáid/ábhar (C)*

*Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar neamhábhartha: cuir ábhar neamhábhartha i lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú. Ní bhronnfar aon mharcanna teanga i bhfreagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.*

*Bronn dhá mharc ar a mhéad le haghaidh ábhair as ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó as tuairim/measúnacht (nach sonra fíorasach é).*

*Bronn dhá mharc as gach sonra den ábhar atá ábhartha (suas le 10 marc ar a mhéad).*

*Éilítear ar iarrthóirí a chur in iúl cén cheist atá á freagairt acu. Bain marc pionóis AMHÁIN ón scór foriomlán don ábhar mura gcuireann an t-iarrthóir in iúl cén cheist atá á freagairt.*

*2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.*

- *Más é 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas sa chás gur baineadh marc pionóis agus gur laghdaíodh na marcanna ábhair go 5 dá bharr], nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 25 focal), marcáil cumas scríofa as 14 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.*
- *Má tá an cumas scríofa thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlacht sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil cumas scríofa idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.*

*Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.*

*Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal.*

*Cuir líne faoi dhrochbhotúin.*

*Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 1 NÓ – 2).*

| Marc | Teanga: stór focal, cruinneas, líofacht |
|---|---|
| 18-20<br><br>A níos ísle<br>13-14<br><br>E níos ísle<br>12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil réimse leathan de stór focal cuí. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc roghnaithe.<br>Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Líofa, agus léiríonn leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 14-17<br><br>A níos ísle<br>11-12<br><br>E níos ísle<br>10-11 | Baintear úsáid as réimse maith de stór focal cuí, le mion-earráidí sa stór focal amháin. An ton agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc.<br>Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. Baintear úsáid eachtrúil as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 10-13<br><br>A níos ísle<br>9-10<br><br>E níos ísle<br>7-9 | Baintear úsáid as réimse den stór focal atá leordhóthanach ach intuartha. Roinnt mórearráidí sa stór focal.<br>Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. Níor éirigh leis na hiarrachtaí ar struchtúir chasta a láimhseáil i gcónaí. |
| 6-9<br><br>E níos ísle<br>4-6 | Roinnt eolas bunúsach ar an stór focal ach ar bheagán éagsúlachta. Stór focal míchuí go minic le béarlachas/tionchar na Gaeilge agus focail mhíchearta go minic.<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga; teanga ‘aistrithe’ shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-5<br><br>E níos ísle<br>1-3 | Eolas agus réimse stór focal an-teoranta. Focail an-bhunúsach, míchuí nó mícheart. Cuid mhaith béarlachais/tionchair na Gaeilge le brath. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C) agus cumas scríofa (E / E níos ísle) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = ...<br>E / E níos ísle = ...<br>Iomlán = ... |

**C.3. Scríbhneoireacht faoi threoir (40 marc)**

Scríobh píosa de phrós leanúnach **i Rúisis** (**140 focal**) mar fhreagra ar **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas. Déan deimhin de na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

**1. LITIR**

Scríobh litir chuig do chara pinn ón Rúis agus tabhair cuireadh dó/di teacht ar cuairt go hÉirinn. I do litir bíodh sonraí maidir leo seo a leanas san áireamh agat:

A. Foirmlí don tús
B. An tráth den bhliain ab fhearr le cuairt a thabhairt
C. Cén áit a mbeidh do chara ag fanacht
D. Cé na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat a dhéanamh
E. Cé na hiontais a mholfá le dul ag breathnú orthu
F. Foirmlí don deireadh

**2. AGALLAMH**

Thug grúpa páistí Rúiseacha cuairt ardo scoil. Cad iad na ceisteanna a chuir na páistí Rúiseacha? Conas a d'fhreagair tú a gcuid ceisteanna? Tabhair 5 – 7 gceist agus 5 – 7 bhfreagra.

A. Ceist agus Freagra 1
B. Ceist agus Freagra 2
C. Ceist agus Freagra 3
D. Ceist agus Freagra 4
E. Ceist agus Freagra 5
F. (Ceist agus Freagra 6)
G. (Ceist agus Freagra 7)

**3. PLÉ**

Pléigh na difríochtaí idir an córas oideachais sa Rúis agus an córas oideachais in Éirinn.

A. Critéir sa Rúis 1
B. Critéir in Éirinn 1
C. Critéir sa Rúis 2
D. Critéir in Éirinn 2
E. (Critéir sa Rúis 3)
F. (Critéir in Éirinn 3), etc...suas le 15 mharc don ábhar ar a mhéad

| | |
|---|---|
| *Cumarsáid + ábhar* | *15* |
| *Úsáid teanga + cumas scríofa* | *15* |
| *Comhleanúnachas téacsúil* | *10* |

*Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Sa chás amháin go bhfaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna ar an gcéad cheist/dara ceist, ní éilítear ar an scrúdaitheoir an cheist/na ceisteanna ina dhiaidh sin a mharcáil.*

*1. Cumarsáid/ábhar (C)*

*Tabhair marcanna as an ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - F) nuair a bhíonn pointí ábhair ar leith á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh na pointí ábhair iomlána ag deireadh an cheachta (C = …).*
*Ní bhronntar aon mharcanna as eolas/ábhar breise: cuir ábhar neamhábhartha idir lúibíní cearnógacha [ ... ]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.*
*Bronn 1 mharc as gach sonra ábhair/frása/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN á chur ar fáil ó gach ceann de na catagóirí A – D, A – E nó A – D (E, F, G).*

*2. Cumas Scríofa (E): Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Scríofa) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.*

*Más é 7 nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná 60 focal), marcáil cumas scríofa as 10 agus scríobh 'E níos ísle' chun é seo a léiriú.*

*Má tá an cumas scríofa iontach líofa, le leibhéal ard éagsúlacht sa stór focal, sa chomhréir agus sna leaganacha cainte dúchasacha ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil cumas scríofa idir 7 agus 12 (7/8 + 9/10 + 11/12) agus scríobh 'A níos ísle' chun é seo a léiriú.*

*Cuir bosca cearnógach thart ar earráidí atá ann arís agus arís, ná gearr pionós an athuair.*

*Bain úsáid as líne chorrach faoi bhotúin litrithe agus faoi earráidí sa stór focal. Cuir líne faoi dhrochbhotúin.*

*Gearr pionós ar iarrthóirí a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrí nó san infinideach (– 2).*

| **E níos ísle Ex 10** | **E Ex 15** | **Cumas Scríofa** |
|---|---|---|
| **7 – 10** | **11 – 15** | **Stór focal,** úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Is annamh a bhíonn botúin **litrithe** ann, **gramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i bhfoircinn na mbriathra; aontuithe; úsáid cheart aimsirí... |
| **4 – 6** | **6 – 10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Gan an iomarca dearmad **litrithe** ann. Gan mórán drochearráidí/mionearráidí iomadúla **gramadaí**: foirmeacha briathra, aimsirí, aontuithe, na foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt, go háirithe ag an gcuid is airde den chatagóir. |
| **0 – 3** | **0 – 5** | **Stór focal** an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla. A lán dearmad **litrithe**, drochearráidí **gramadaí**: foirmeacha briathra mícheart go ginearálta, aimsirí gan a bheith ag teacht le chéile, neamhoiriúnach; fíorbheagán aontuithe atá ceart. |

| **A níos ísle** | **Cumas Scríofa** |
|---|---|
| **11 – 12** | **Stór focal**, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb le húsáid **aimsirí**, **gné** agus **tuisil**. Gan aon deacracht le **struchtúir chasta chomhréire. Ton** agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal. |
| **9 – 10** | Úsáid an **stóir focal** measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Rúisise, b'fhéidir. Beagán struchtúir chasta chomhréire. Ton agus sainréim teanga mhíchuí. Úsáid gné agus aimsirí ceart go leor. |
| **7 – 8** | **Stór focal,** úsáid maith go leor agus de réir dhúchas na teanga, le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla. Cur isteach ó struchtúir chomhréire teanga na Gaeilge/an Bhéarla. Fadhbanna le haimsirí, gné agus tuisil. |

**3. Comhleanúnachas téacsúil:** Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an gcomhleanúnachas téacsúil/comhtháthú **(TC)** chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí.

| **Marc** | **Comhleanúnachas téacsúil** |
|---|---|
| **9 – 10** | Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad. |
| **7 – 8** | Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| **5 – 6** | Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus/nó neamhuaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus/nó athráiteach in amanna. |
| **3 – 4** | Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| **1 – 2** | Cumas an-teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais iomlán sa struchtúr beagnach. |
| **0** | Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir na marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhair (C), cumas scríofa (E / E níos ísle) agus comhleanúnachas téacsúil (TC) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = ...<br>E = …<br>TC = … |

Iomlán =

**CLUASTUISCINT (80 marc)**

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann d'ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Ná bronn marcanna as eolas atá ar fáil laistigh den cheist.
- Glac le freagraí scríofa i Rúisis.
- Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (e.g. 'iomaí ciorcail' do 'iomaíocht sorcais'.) Ná bronn aon mharcanna dá mbeadh deacracht ag cainteoir Gaeilge nach dtuigeann Rúisis cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Ghaeilge.

***Bronn dhá mharc as gach pointe ceart/ábhartha.***

**Roinn 1: Achoimre na Nuachta (20 marc)**

**1.Tabhair dhá shonra faoin ngrúpa oibrithe deonacha atá ag dul ó Éirinn go dtí réigiún Pskov.**

Scór oibrithe deonacha + ag imeacht an 8 Bealtaine 2013 + tá siad faoi choinne oibriú i ndílleachtlann + tionscadal de chuid dhá eagraíocht charthanais atá ann/ Leanaí na Rúise (Children of Russia)/ Cairde na Bealarúise (Friends of Belarussia) + tá siad le 19 seomra leapa a athchóiriú sa dílleachtlann + 120 dílleachta/leanbh (in aois) a 7 go 16 bliana

***Gan aon mharcanna:*** teach páistí

**2. Tabhair dhá shonra faoi cheann scríbe laethanta saoire mhuintir na Rúise de réir an cheistneora.**

Fanfaidh 50% díobh sa bhaile/caithfidh siad fanacht sa bhaile + rachaidh 22% chuig daitse + rachaidh gach deichiú Rúiseach/ 10% ar saoire sa Rúis + rachaidh gach deichiú Rúiseach/ 10% chuig ionaid saoire sa Mhuir Dhubh + rachaidh 9% thar lear

***Bronn marc amháin as gach ceann acu seo:*** fanacht sa bhaile + dul chuig daitse + saoire sa Rúis + dul chuig ionaid saoire sa Mhuir Dhubh + dul thar lear

**3.i. Tabhair dhá shonra faoin mbanna ceoil.**

Triúr gasúr + cailín amháin atá sa bhanna ceoil + Real Shamrocks + seinneann an banna ceoil amhráin Éireannacha + tá Vladimir Molomin/ duine de na gasúir ag dul san arm + seinnfidh an banna ceoil arís i gceann bliain amháin/ nuair a thagann Vladimir Molomin ar ais ón arm

***Bronn marc amháin as gach ceann acu seo:*** ceolchoirm + Bealtaine + 8:00

**3.ii. Tabhair dhá shonra faoi na himeachtaí atá ag teacht aníos in Vologoda.**
Ceolchoirm dheireanach an bhanna ceoil iomráitigh tíre "Real Shamrocks" + ceolchoirm amuigh faoin aer an 31 Bealtaine ar 8pm + ceolchoirm amuigh faoin aer an 1 Meitheamh ar 7pm + cosnaíonn na ticéid 200 rúbal + cosnaíonn ticéid do mhic léinn agus do dhaltaí 150 rúbal + bronnfar an t-airgead uile a dhéanfar as na himeachtaí ar charthanas

**4. Tabhair dhá shonra faoi Kirill Afanasyev.**
Tá sé 17 mbliana d'aois + tá sé 91 kg ar meáchan + is dornálaí é + rugadh sa Rúis é + tá cónaí air in Éirinn + (fuair sé an láimh in uachtar ar thriúr céilí comhraic) chun an comórtas a bhaint/ curadh atá ann + traenálann sé i mBaile Átha Cliath/ Margadh na Feirme / Acadamh Dornálaíochta Amaitéaraí + is as Oirthear na hEorpa a chuid traenálaithe

## Roinn II: Fógra (20 marc)

**1. Tabhair dhá shonra faoin scéim a bheidh ag tosú ar an 1ú Meitheamh.**
rothair ar cíos (stáisiúin) + 2014 + i Moscó + an chéad 30 stáisiún + céad stáisiún eile i mbun pleanála (roimh dheireadh na bliana) + beidh bunús na stáisiún suite i lár na cathrach + beidh 50 stáisiún in Bulvarnoe Ring + beidh 19 stáisiún in Sadovoe Ring + 31 stáisiún san Iardheisceart, sa Deisceart agus san Iarthar
***Bronn marc amháin as seo:*** 30 oifig

**2. Conas a chláraíonn tú don scéim seo? Tabhair trí shonra.**
An suíomh Gréasáin velobike.ru + sonraí pearsanta a thabhairt + uimhir ghutháin a thabhairt + seoladh ríomhphoist a thabhairt + ina dhiaidh sin, faigheann tú logáil isteach/pasfhocal/ teacht ar leathanach príobháideach mar aon le faisnéis faoi íocaíocht/ bealach + tig leat íoc ar an suíomh Gréasáin

**3.i. Tabhair dhá shonra faoin gcostas a bhaineann leis na roghanna ballraíochta éagsúla.**
Lá/seachtain/mí/3 mhí + cosnóidh cíos ar feadh mí amháin 350 rúbal + cosnóidh cíos ar feadh 3 mhí 950 rúbal + táille aonuaire = 30 nóiméad saor in aisce, an chéad 30 nóiméad eile = 30 rúbal

**3.ii. Tabhair trí shonra faoi na fíneálacha a d'fhéadfadh a bheith á ngearradh.**
Fíneáil 15,000 rúbal + as rothar a ghoid + 3,000 + as rothar gan a thabhairt ar ais + 3,000-15,000 + as briseadh

## Roinn III: Agallamh (20 marc)

**1.i. Cén fáth an ndeachaigh Debbie Deegan i dteagmháil le Maksim?**
Chun insint dó faoi mharatón Bhaile Átha Cliath + mar go raibh a fhios aici go raibh an-aird aige ar spórt + mar go raibh a fhios aici go raibh an-aird aige ar Éirinn + chun cuireadh a thabhairt dó/moladh dó teacht go Baile Átha Cliath i gcomhair an maratóin

**1.ii. Tabhair dhá shonra faoi Maksim.**
Tá sé 21 bliain d'aois + bhí cónaí air i ndílleachtlann go dtí go raibh sé 16 bliana d'aois + tá oiliúint á cur air mar mheicneoir + taitníonn a ghairm bheatha leis + is mian leis obair i ngaráiste lá éigin + caitheann sé a chuid am saor uile i mbun spóirt

**2.i. Cad a chuaigh i bhfeidhm ar Maksim faoin maratón? Tabhair dhá shonra.**
Eagraíodh go han-mhaith é + tugadh buidéal uisce/ barra seacláide do gach duine roimh an maratón

***Bronn marc amháin as gach ceann acu seo:*** roimh an rás + tugann siad duit + buidéal uisce + seacláid + deoch fuinnimh

**2.ii. Cad deir Maksim faoina thoradh féin?**
Tá áthas/ríméad/lúcháir air + thiocfadh leis níos fearr a dhéanamh/ thiocfadh leis rith níos gasta + chríochnaigh sé sa 269ú áit + thóg sé 3 huaire agus 2 nóiméad air an maratón a rith

**3. Tabhair dhá shonra faoin mbaint a bhí ag Debbie Deegan le cúrsaí na dílleachtlainne.**
Thug sí scíonna/ éadaí spóirt dóibh + thug sí airgead dóibh i gcomhair cúirt chispheile/ athchóiríodh an chúirt chispheile lena hairgead + sula raibh baint aici leo ba ghnách leis an múinteoir corpoideachais an liathróid a phaisteáil + bhuaigh an dílleachtlann an tOilimpiad spóirt

**4. Labhraíonn Maksim faoin tréimhse a chaith sé i mBaile Átha Cliath. Tabhair dhá shonra.**
Tháinig sé ar feadh seachtaine + tá sé ag fanacht le teaghlach Éireannach / corruair le Debbie + tugadh cuireadh dó teacht chuig bál carthanais + chuaigh sé chuig dioscó Oíche Shamhna + thaitin an gléasadh suas leis + bhí sé gléasta suas mar ghliaire + ghlac sé mórán grianghraf + chuir na daoine iontas air, timpeall 30/ beagnach 30 uile gléasta suas i gcultacha

***Bronn lánmharcanna má thugann na hiarrthóirí sonraí ó chodanna eile sa fhreagra.***

## Roinn IV: Beathaiséis (20 marc)

**1. Tabhair dhá shonra faoi theaghlach Nikita Mihalkov.**
A athair/ Sergey Mihalkov = scríbhneoir (cáiliúil/ páistí) + a mháthair/ Natalya Konchalovskaya = file / aistritheoir + athair a mháthar/ seanathair (ar thaobh na máthar) = ealaíontóir + a shin-seanathair (Surikov) = ealaíontóir (cáiliúil) + a dheartháir = Andrey/ Andron + rugadh a dheartháir an 20 Lúnasa 1937

***Bronn marc amháin as seo:*** Ealaíontóir cáiliúil é Surikov

**2.i. Tabhair dhá shonra faoi oideachas Mihalkov.**
D'fhreastail sé ar an 20ú scoil speisialta + d'fhreastail sé ar scoil speisialta go dtí go raibh sé sa 4ú rang/bliain + d'éirigh go maith leis ar scoil/rinne sé staidéar maith ar scoil + ní raibh sé go maith i mbun matamaitice/ fisice/ ceimice + b'éigean dó an scoil speisialta a fhágáil agus freastal ar ghnáthscoil + bhí sé go maith i mbun na n-ealaíon ó bhí sé an-óg + idir 1956 agus 1959 d'fhreastail sé ar scoil cheolsiamsa/ stiúideo amharclannaíochta

**2.ii. Thosaigh Nikita Mihalkov ag obair nuair a bhí sé óg. Tabhair sonra amháin.**

Thosaigh sé nuair a bhí sé 14 bliana d'aois + bhí páirt bheag aige i scannán /"Sun shines for everyone"/ de chuid Konstantin Voinov

**3.i. Tabhair trí shonra faoina ghairm bheatha.**

Nuair a bhí sé 18 mbliana d'aois/ Sa bhliain 1963 + chuaigh sé go dtí an coláiste chun staidéar a dhéanamh ar an aisteoireacht + bhí príomhpháirt aige i scannán (de chuid Georgiy Daniel)/ "I am walking round/through Moscow" + chan sé amhrán sa scannán ("I am walking round/through Moscow") + bhain sé clú amach tar éis an scannáin "I am walking round/through Moscow" + sa bhliain 1966 d'aistrigh sé go dtí an rannóg stiúrthóireachta (in VGIK) + bhain sé céim amach in VGIK + bhain sé an chéim amach sa bhliain 1971 + idir 1974 agus 1984 + bhí an-rath air ina ghairmréim + tugtar aitheantas ar fud an domhain dá chuid scannán beagnach gach bliain/ dámhachtainí i nDuaiseanna Acadaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta buaite aige

***Bronn marc amháin as seo:*** scannáin ag féilte

**3.ii. Tabhair dhá shonra faoi shaol pearsanta Nikita Mihalkov.**

Pósadh faoi dhó é + bean chéile amháin atá ina haisteoir / Vertinskaya + tá ceathrar páistí aige/beirt mhac + beirt iníonacha + na mic Stepan agus Artem + na hiníonacha Anna agus Nadezhda

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán